Ollscoil na hÉireann, Gaillimh GX 1089

Scrúduithe Sheimeastar II, 2002/2003

Cód(anna) Scrúdaithe	2BA 121
Scrúdú	An Dara Bliain i nDána
Cód(anna) modúil	NG 234, NG 236, NG 238
Modúl	Gaeilge
Uimhir an Pháipéir	1
Scrúdaitheoir(í) Seachtrach(a)	Alan Titley
Scrúdaitheoirí Inmheánacha	Mícheál Mac Craith Pádraig Ó Héalaí Máirtín Ó Briain
Treoracha	Freagair ceist amháin as Roinn A, Roinn B agus Roinn C. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach Roinn. 50 marc ag dul do gach Roinn.
Am ceadaithe	Trí huaire an chloig
Líon freagarleabhar	3

ROINN A: NG 234 FILÍ AGUS FILÍOCHT II (2.5 ECTS)

1. 'Tugtar an-léargas dúinn ar dhearcadh lucht labhartha na Gaeilge ar chúrsaí an tsaoil in Éirinn idir na blianta 1600 agus 1850 i bhfilíocht na tréimhse sin.' Do thuairim faoin ráiteas sin.

Nó

Déan plé ar **cheithre** cinn de dánta nó d'amhráin a cumadh sa tréimhse 1600 go dtí 1850 agus atá léite agat ar an gcúrsa seo. Léirigh go cruinn na téamaí agus an t-ábhar iontu.

ROINN B: NG 236 PRÓS AGUS SCÉALAÍOCHT II (2.5 ECTS)

2. Scríobh nótaí ar **dhá cheann** acu seo:

(a) Tionchar an traidisiúin liteartha ar scéalaíocht bhéil na Gaeilge
(b) Ócáidí scéalaíochta
(c) Ealaín an scéalaí

Nó

Pléigh an léiriú a thugtar ar an saol i scéalta iontais.

ROINN C: NG 238 LITRÍOCHT AN FICHIÚ HAOIS II (2.5 ECTS)

3. Is í tóraíocht Jim Murphy an ghné is tábhachtaí de *Fífeanna agus feadóga*. Pléigh.

Nó

Is spéisiúil an léargas a thugann *Fífeanna agus feadóga* dúinn ar ról na bhfórsaí slándála i dTuaisceart Éireann. Do bharúil faoi sin.

Nó

D'ainneoin na lochtanna follasacha atá air, is é Constantine Butcher an carachtar is tábhachtaí in *Ceol an Phíobaire*. Pléigh.

Nó

Is spéisiúil an léargas a thugann *Ceol an Phíobaire* dúinn ar shaol an Tí Mhóir in Éirinn san ochtú haois déag. Do bharúil faoi sin.